Dearbhú Feabhais/Clár Feabhsaithe Caighdeán d'Aonaid Acadúla

Plean Feabhsaithe Caighdeán

Roinn na Gaeilge

31 Eanáir, 2007

Clár an Phlean Feabhsaithe Caighdeán

1. Réamhrá agus Admhálacha... 3

2. Freagra na Roinne ar Mholtaí an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe ... 4

3. Riachtanais Acmhainní in ord Tosaíochta 9

4. Achoimre an Phlean Bliana 9

5. Achoimre an Phlean Cúig Bliana 11

***Aguisín a hAon* 12**

1. *RÉAMHRÁ*

Tar éis don Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe (GPA thíos) an Tuarascáil a scríobh siad a chur ar ais chuig Roinn na Gaeilge, pléadh ábhar na Tuarascála go mion ag roinnt cruinnithe Roinne. Rinneadh na socruithe thíos chun dul i ngleic le céim a dó de phróiseas an Dearbhaithe Feabhais, *viz*. an Plean Feabhsaithe Caighdeán (PFC) a leagan amach agus a thiomsú.

1. Dáileadh moltaí an GPA ar bhaill na Roinne.
2. Pléadh an bealach ab fhearr chun dul i ngleic le tiomsú an PFC.
3. Socraíodh fochoiste chun dul i mbun na hoibre. (Féach Aguisín 1)
4. Réitíodh agus dáileadh dréacht den PFC ar bhaill na Roinne roimh dheireadh mhí na Nollag 2006.
5. Beartaíodh Lá Pleanála sa Roinn ar an 9 Eanáir 2007. Réitíodh an leagan amach a bheadh ar an PFC.
6. Tionóladh an Dara Lá Pleanála sa Roinn ar an 15 Eanáir, 2007.
7. Tháinig an Fochoiste Roinne le chéile ar an 31 Eanáir, 2007 chun an leagan deiridh den Phlean a réiteach.
8. Cuireadh an leagan deiridh den Phlean faoi bhráid Roinn na Gaeilge ar an 31 Eanáir, 2007
9. Cuireadh an PFC faoi bhráid Oifig Dhearbhaithe Feabhais an Choláiste ag tús mhí Feabhra 2007.

ADMHÁLACHA

Is mian le baill an Choiste um Feabhsú Caighdeán agus le baill eile Roinn na Gaeilge buíochas ó chroí a ghlacadh leis an **Dr Dáire Keogh** (An Stiúrthóir um Chúrsaí Feabhais) agus go mór mór le **Sharon King** (Oifigeach Feidhmiúcháin, An Oifig Feabhais, Coláiste Phádraig) as an gcomhairle agus as an tacaíocht a chuir siad ar fáil don Roinn le linn an phróisis go léir.

2. *FREAGRA NA ROINNE AR MHOLTAÍ AN GHRÚPA PIAR-ATHBHREITHNITHE (GPA)*

Moltaí agus Freagraí i dtaca leis an bhFeabhsú Caighdeán

A: Moltaí i dtaca le laigí a bhaineann le seirbhísí, le nósanna imeachta, agus le háiseanna atá ar chumas na Roinne a chur ina gceart

An moladh i dTuarascáil an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe	***Freagra na Roinne sa Phlean Feabhsaithe Caighdeán***
1. Pleanáil & Forbairt Foirne	
1.1 Breithmheas rialta ar obair na foirne chun dul chun cinn agus riachtanais na foirne a mheas	**1. Breithneofar riachtanais na foirne go tráthrialta i dtaca le forbairt pleananna straitéise agus i gcomhréir le scéimeanna atá ar fáil sa Choláiste.**
1.2 Cúrsaí inseirbhíse a reáchtáil don lucht teagaisc páirtaimseartha	**1. Scéim phíolótach san earnáil seo ar siúl cheana.** **2. Déanfar seisiúin ghairmiúla agus sainoiliúna a chur ar fáil sna réimsí seo a leanas: modh-eolaíocht teagaisc, acmhainní teagaisc, scileanna riaracháin agus bainistíochta, teicneolaíocht na foghlama.**
1.3 Tuairisc scríofa a iarraidh ar an Scrúdaitheoir Seachtrach gach bliain, agus an tuairisc sin a choinneáil ar taifead sa Roinn	**1. Glactar leis sin.** **2. Déanfar an córas a shocrú agus a fheidhmiú i bpáirt le hOifig an Chláraitheora.**
1.4 Fochoiste a bhunú le teacht ar bhealaí le naisc a threisiú idir an fhoireann bhuan agus an fhoireann pháirtaimseartha	**1. Tá struchtúr dá leithéid ann cheana féin bunaithe ar chóras inmheánach na Stiúrthóirí Bliana.** **2. Tiocfaidh na Stiúrthóirí Bliana le chéile mar fhochoiste chun comhordú a dhéanamh ar shiollabais/acmhainní, agus chun polasaithe na Roinne a chur os comhair na dteagascóirí, faoi stiúir an Chinn Roinne**
1.5 Fochoiste a bhunú chun teacht ar bhealaí le cumarsáid a éascú idir an fhoireann bhuan agus an fhoireann pháirtaimseartha	**1. Féach 1.4. Buailfidh an Ceann Roinne agus baill na Roinne leis na teagascóirí chun polasaithe agus modheolaíochtaí na Roinne a dhearbhú mar thacaíocht dóibh ina gcuid oibre.** **2. Eagrófar ócáidí sóisialta idir an fhoireann bhuan agus an fhoireann pháirtaimseartha.**
1.6 Plé níos rialta a bheith ar cheisteanna a bhaineann le cúrsaí pleanála agus straitéise ag cruinnithe foirne na Roinne	**1. Bíonn cruinnithe coicíse ar siúl cheana fein ag an Roinn ina ndéantar gach gné d'obair na Roinne a phlé, cúrsaí straitéise agus pleanála san áireamh.**
2. Pleanáil & Forbairt Cúrsaí	
2.1 Beirt chomhordaitheoirí a cheapadh a bheadh freagrach as an nGaeilge Acadúil & as an nGaeilge Ghairmiúil	**1. Feabhsófar na struchtúir inmheánacha riaracháin atá i bhfeidhm faoi láthair, struchtúir a d'eascair as riachtanais riaracháin acadúla na Roinne,**

	chun siollabais léinn agus litríochta na Roinne a phleanáil agus a fhorbairt. **2. Déanfar an siollabas teanga a fhorbairt ó bhliain go bliain agus comhordú rialta ar na cúrsaí léachtaí faoi stiúir na Roinne.**
2.2 Leasú ar mheasúnóireacht sa Dara Bliain den Ghaeilge Ghairmiúil	**1. Déanfar athbhreithniú ar ábhar agus ar mheasúnú an chúrsa seo agus féachfar le comhordú níos iomláine a dhéanamh idir ábhar an chúrsa seo agus cúrsa Theagasc na Gaeilge (Oideachas) sa Dara Bliain agus an Cúrsa Gairmiúil sa Chéad Bhliain agus sa Tríú Bliain.**
2.3 Breis deiseanna neamhfhoirmiúla a chur ar fáil do labhairt na teanga	**1. Tabharfar tacaíocht d'iarrachtaí na mac léinn sa réimse seo.** **2. Féachfar le himeachtaí caidrimh a eagrú ar bhonn níos rialta.** **3. Spreagfar foireann na Roinne le freagracht a ghlacadh as úsáid an tSeomra Caidrimh.**
2.4 Tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn le níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin	**1. Cuirfear leis an obair ghríosaithe atá ar siúl cheana féin.** **2. Cuirfear tacaíocht bhreise foghlama ar fáil trí úsáid a bhaint as na háiseanna teicneolaíochta is fearr agus is feiliúnaí atá ar fáil.** **3. Déanfar cúrsaí & áiseanna féinteagaisc a fhiosrú & a fhorbairt. [Féach freisin C1.1 thíos]**
2.5 Ceangal i bhfad níos doichte a bheith idir Roinn na Gaeilge agus na cúrsaí Gaeltachta	**1. Tá ball amháin den Roinn ag feidhmiú go han-éifeachtach le blianta san earnáil seo agus tá sé i gceist tógáil ar an obair atá ar bun cheana.** **2. Féachfar leis an gcumarsáid idir Coláiste Phádraig agus na Coláistí Gaeltachta a neartú.** **3. Mar chéad chéim, tabharfar cuairt cúirtéise ar na Coláistí éagsúla le linn Mheitheamh 2007. Déanfar suirbhé ar thuairimí mhic léinn na Chéad Bliana i dtaca leis na cúrsaí Gaeltachta i mí Dheireadh Fómhair 2007.** **4. Cuirfear torthaí an tsuirbhé chuig stiúrthóirí na gColáistí agus bainfear úsáid astu mar bhonn do chaidreamh leanúnach gairimiúil idir na páirtithe éagsúla.**
2.6 Cúram ar leith a dhéanamh do mhic léinn Gaeltachta le béim ar shaibhriú teanga	**1. Féachfar le ranganna ar leith a chur ar fáil do chainteoirí Gaeltachta agus do chainteoirí maithe Gaeilge, mar atá á dhéanamh le blianta anuas le grúpaí áirithe (m.sh An Tríú Bliain BA & na Céimithe).** **2. Cuirfear béim ar chúrsaí caighdeáin agus freastail.**

	Féachfar le sainchúrsaí a fhorbairt d'fhonn freastal níos fearr ar riachtanais na Gaelscolaíochta agus na Scolaíochta Gaeltachta.
3. Monatóireacht caighdeán	
3.1 Ceistneoirí a dháileadh ar mhic léinn i dtreo dheireadh gach cúrsa agus gach modúil a mhúintear agus go gcinnteofaí freagraí ar bhealach struchtúrtha	**1. Tá an córas seo i bhfeidhm le fada an lá sa Roinn.** **2. Bainfear úsáid as ceistneoir comónta.** **3. Dáilfear an ceistneoir ag deireadh gach cúrsa/modúil.** **4. Tabharfar aird ar mholtaí le ciall agus le substaint.**
3.2 Monatóireacht a dhéanamh ar athruithe sa chlár léinn lena chinntiú nach dtairgítear cúrsaí atá an-chosúil le chéile in aon bhliain amháin ag leibhéil éagsúla	**1. Tá an moladh seo bunaithe ar mhíthuiscint a tharla maidir le dhá chúrsa éagsúla a raibh an teideal céanna orthu ach a bhí difriúil ó chéile.** **2. Faoin gCeann Roinne atá sé a leithéid a sheachaint feasta i bpáirt le baill na Roinne.**
3.3 Cur síos soiléir a bheith ar gach grád (A, B, C, D, etc.) agus ar gach cineál measúnaithe (m.sh. aistí, obair teanga [idir scríofa agus labhartha]), agus na tuairisceoirí grád seo a bheith le fáil sna hEolairí do gach bliain	**1. Tá a leithéid ann cheana i gcás Chúrsa na gCéimithe.** **2. Cuirfear in oiriúint é le freastal ar scrúduithe i labhairt na Gaeilge agus ar scrúduithe scríofa na Roinne.** **3. Foilseofar an t-eolas ar shuíomh na Roinne.**
3.4 Iniúchadh a dhéanamh ar mhodhanna measúnaithe ina gcuirfí rannpháirtíocht i seimineáir teanga, obair chúrsa, tionscadail agus aistí taighde san áireamh	**1. Déantar a leithéid i gcás cúrsaí áirithe faoi láthair agus scrúdófar cúrsaí eile anois féachaint an bhfeilfeadh an cineál seo measúnaithe dóibh. I gcoitinne, tá an Roinn i bhfabhar aitheantas a thabhairt d'obair leanúnach an mhic léinn, ach go gcaithfeadh an modh measúnaithe a bheith cothrom, trédhearcach agus inmhuiníne.**
4. Cumarsáid idir an Roinn & na Mic Léinn	
4.1 Coiste cumarsáide a bhunú idir an fhoireann agus mic léinn a thiocfadh le chéile ar a laghad uair amháin gach seimeastar, agus miontuairiscí a choinneáil de na cruinnithe agus iad a chur ar fáil ar chlár fógraí na mac léinn **4.2** Fochoiste a bhunú le teacht ar bhealaí le cumarsáid a éascú idir an Roinn agus na mic léinn agus córas ionadaithe mac léinn cuí a chur ar bun	**1. Déanfaidh na Stiúrthóirí Bliana teagmháil le hionadaithe na mac léinn agus buailfidh siad leo ar bhonn rialta.** **2. Tabharfar cuireadh d'ionadaithe na mac léinn chuig cruinniú Roinne ar a laghad babhta sa seimeastar.**
4.3 Forbairt a dhéanamh ar úsáid ríomhphoist agus ar shuíomh greasáin na Roinne	**1. Glacadh cinneadh ag cruinniú den Roinn tar éis chuairt an GPA forbairt a dhéanamh air seo.** **2. Tá forbairtí á ndéanamh ar shuíomh na Roinne go rialta ó bhí an GPA ar cuairt chugainn; m.sh. rannóg na bhfógraí, leabhar-liostaí agus clár ama na léachtaí.** **3. Spreagfar na mic léinn chun**

	Gaeilge a úsáid sa meáin nua chumarsáide seo.
4.4 Miontuairiscí chruinnithe cumarsáide na mac léinn agus na foirne, toradh ceistneoirí & pléghrúpaí, foirmeacha monatóireachta na gcúrsaí léinn a phlé ag na cruinnithe Roinne	**1. Cuirfear mír bhreise le clár na gcruinnithe Roinne as seo amach chun déileáil leis na cruinnithe cumarsáide le mic léinn.** **2. Tá an chuid eile ar siúl cheana sa Roinn.**
4.5 Córas comhairleoireachta a chur i bhfeidhm do mhic léinn le cuidiú leo cur lena gcuid scileanna teanga	**1. Féachtar le comhairle a chur ar mhic léinn a bhfuil deacrachtaí teanga acu.** **2. Tá fáilte rompu a gcuid deacrachtaí a phlé (i) lena dteagascóir; (ii) le léachtóirí go pearsanta; (iii) lena Stiúrthóir Bliana nó (iv) le Rúnaí na Roinne.**
4.6 An córas "oide pearsanta" a leathnú amach	**1. Tá polasaí 'doras oscailte' ag an Roinn agus cuirfear ar shúile na mac léinn ar bhealach níos foirmiúla go bhfuil a leithéid ar fáil.** **2. Féach 4.5 mar a bhfuil an cúnamh seo ann ar bhealach struchtúrtha eile.**

B: Moltaí i dtaca le laigí a bhaineann le seirbhísí, le nósanna imeachta, agus le háiseanna nach bhfuil ar chumas na Roinne a chur ina gceart faoi láthair

An moladh i dTuarascáil an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe	***Freagra na Roinne sa Phlean Feabhsaithe Caighdeán***
1.1 Líon na mac léinn sna buíonta teagaisc a laghdú	**1. Tacaíonn Roinn na Gaeilge go láidir leis an moladh práinneach seo atá ag teacht le héilimh sheasta na Roinne le tamall fada anuas.**
1.2 Breathnú ar fhoirmlí a laghdódh líon na léachtaí agus a mhéadódh ar líon na seimineár le go gcuirfí le scileanna cumarsáide lucht na Chéad Bhliana go sonrach **1.3** Béim bhreise a chur ar shealbhú agus ar labhairt na teanga sa Chéad Bhliain go háirithe **1.4** Breathnú ar dhianchúrsa teanga amháin a mhúineadh sa chéad chúpla seachtain den Chéad Bhliain nó breathnú ar chúrsa teanga roimh thús an chúrsa nó thar roinnt deirí seachtaine	**1. Pléifear roinnt bealaí ina bhféadfaí cuidiú le mic léinn a gcuid scileanna labhartha agus sealbhaithe teanga a fheabhsú.** **2. Déanfar dianchúrsa teanga 6 seachtaine a thairiscint do mhic léinn laga a aithneofar sna seimineáir le linn na chéad mhíosa den chúrsa le comhoibriú na foirne páirtaimseartha.**

C: Moltaí i dtaca le heaspa foirne agus le háiseanna a bheas i dtuilleamaí infheistiú caipitil

An moladh i dTuarascáil an Ghrúpa Piar-Athbhreithnithe	***Freagra na Roinne sa Phlean Feabhsaithe Caighdeán***
1.1 Teanglann ar leith do Roinn na Gaeilge amháin	**1. Is é atá i gceist le Teanglann a chur ar fáil, dar le Roinn na**

1.2 Forbairt a dhéanamh ar chúrsaí agus ar áiseanna féinteagaisc **1.3** Cur le háiseanna na Roinne leis an teagasc féinriartha a éascú	**Gaeilge, gur gné amháin Teanglann d'Ionad Ilmheán Sealbhaithe & Buanaithe Teanga is mian linn a fhorbairt faoi stiúir ag saineolaí oilte éifeachtach. Tá a leithéid á éileamh ag an Roinn le tamall fada.** **2. Chuideodh a leithéid de sheirbhís go mór leis an Roinn chun barr feabhais a bhaint amach sna háiseanna teagaisc agus féinfhoghlama a chuireann sí ar fáil. [Féach *Plean Straitéise Roinn na Gaeilge (2002)*, Mír 3, lch 2 *et seq*.]**
1.4 Cúigear nó seisear teagascóirí teanga a fhostú ar bhonn lánaimseartha le buanaíocht agus leanúnachas a dheimhniú don Roinn agus do na mic léinn	**1. Aithnímid gurb é an dúshlán is mó atá romhainn mar Roinn ná a chinntiú go gcuirfear oiliúint ardchaighdeáin teanga ar na grúpaí ollmhóra mac léinn atá ag gabháil don Ghaeilge i gColáiste Phádraig. Aithnímid nach leor na cleachtais atá i bhfeidhm sa Roinn faoi láthair le gné na hoiliúna teanga a fhorbairt mar ba mhaith linn. Beidh gá - mar atá aitheanta ag an nGrúpa Piar-athbhreithnithe - le breis foirne lánaimseartha a bheidh ag plé ar bhonn leanúnach le hoiliúint teanga. Cuirfidh an Roinn roimpi an fhoireann bhreise sin a fháil agus forbairt shuntasach a dhéanamh ar an ngné seo dá cúram acadúil trí: Ionad Sealbaithe agus Buanaithe Teanga a bhunú agus a fhorbairt; agus sainghrúpa oiliúna agus forbartha siollabais agus acmhainní teanga a chothú taobh istigh den Roinn (Féach freisin C1.1, 1.2, 1.3).**
1.5 Oifigeach lánaimseartha nó eagraí sóisialta lánaimseartha a fhostú le tacú le himeachtaí sa Seomra Caidrimh	**1. Ba mhaith leis an Roinn go gcruthófaí post buan sa Choláiste d'Oifigeach Gaeilge lán-aimseartha a bheadh freagrach as cur chun cinn na Gaeilge ar gach leibhéal ar fud an Choláiste.**
1.6 Struchtúr gairme cuí a chur i bhfeidhm sa Choláiste a bheadh ag teacht leis na cleachtais a fheidhmíonn in institiúidí tríú leibhéal eile	**1. Aontaíonn muid leis sin ach na cleachtais chuí a chur i bhfeidhm agus dlús a chur leis an bpróiseas atá tosaithe cheana féin.**
1.7 Oifig aonair do Rúnaí na Roinne	**1. Molann muid go mbeadh Rúnaí na Gaeilge ag feidhmiú in oifig ina mbeadh an Ghaeilge mar ghnáthmheán cumarsáide.**

3. *RIACHTANAIS ACMHAINNÍ IN ORD TOSAÍOCHTA*

1. Na hacmhainní daonna agus fisiciúla is gá chun Ionad Sealbhaithe agus Buanaithe Teanga a chruthú agus a reáchtáil: i.e. - Stiúrthóir a cheapadh ar an Ionad agus an tIonad féin a thabhairt i gcrích. Beidh tosaíocht á glacadh san Ionad sin ar (i) acmhainní teagaisc ar líne a fhorbairt agus a stiúradh; (ii) sainchúrsaí d'earnáil na Gaelscolaíochta agus na Scolaíochta Gaeltachta a eagrú; (iii) forbairt leanúnach a bheith ar siúl ar na cúrsaí teanga ag leibhéal fochéime agus iarchéime. Is den riachtanas é go gcuirfí a leithéid d'Ionad ar bun láithreach má tá an Roinn le freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais teanga ár gcuid mac léinn. Ba mhaith le Roinn na Gaeilge ionadaíocht a bheith againn ar cibé coiste a bheas freagrach as an bpróiseas pleanála don Ionad Acmhainní nua seo.

2. Beidh speisialtóirí le hearcú chun dul i mbun oibre san Ionad Achmhainní seo láithreach: mar shampla (i) Stiúrthóir agus (ii) Teicneolaí teanga. Ina dhiaidh sin, taobh istigh d'achar suim blianta, beidh Sainoiliúnóirí Siollabais/Acmhainní Teanga le ceapadh de réir mar atá molta i dTuarascáil an GPA.

3. Moltar líon na ngrúpaí seimineáir i mBliain 1 (BOid.) a mhéadú ó 24 go 36 in aghaidh na seachtaine chun nach mbeidh líon mac léinn níos mó ná 12 i ngach grúpa, faoi mar atá aitheanta agus molta i dTuarascáil an GPA.

4. *ACHOIMRE AN PHLEAN BLIANA*

Plean Gníomhaíochta faoi nithe atá ar chumas na Roinne a chur i bhfeidhm faoi láthair:

4.1 Pleanáil agus Forbairt Foirne:

4.1.1 Cuirfear ceistneoir rialta ar bhaill na Roinne i dtaca le hobair agus riachtanais na foirne.
4.1.2 Cuirfear córas ceart i bhfeidhm i dtaca le Tuarascáil an Scrúdaitheora Sheachtraigh i bpáirt le hOifig an Chláraitheora.
4.1.3 Eagrófar fochoiste Roinne (ar a mbeidh na Stiúrthóirí Bliana) chun gur féidir na naisc idir an fhoireann bhuan agus an fhoireann pháirtaimseartha a neartú.
4.1.4 Buailfidh an fochoiste leis an bhfoireann pháirtaimseartha chun an chumarsáid idir na páirtithe a láidriú.
4.1.5 Eagrófar ócáidí sóisialta don fhoireann bhuan agus don fhoireann pháirtaimseartha le chéile.

4.2 Pleanáil agus Forbairt Cúrsaí:

4.2.1 Déanfar athbhreithniú ar Chúrsa an Dara Bliain Ghairmiúil chun nasc níos dlúithe a dhéanamh idir é sin agus Cúrsa Theagasc na Gaeilge (Oideachas)/ cúrsa na Chéad Bhliana Gairmiúla agus cúrsa an Tríú Bliain Ghairmiúil.
4.2.2 Tabharfar tacaíocht d'iarrachtaí na mac léinn agus d'imeachtaí caidrimh chun breis deiseanna neamhfhoirmiúla a chur ar fáil do labhairt na teanga.
4.2.3 Cuirfear tacaíocht bhreise foghlama ar fáil le cabhair ó na háiseanna teicneolaíochta atá ar fáil agus déanfar cúrsaí agus áiseanna féinteagaisc a fhiosrú agus a fhorbairt.

4.2.4 Tabharfar aghaidh ar na naisc idir Coláiste Phádraig agus na Coláistí Gaeltachta. (Féach A2.5 thuas.)
4.2.5 Déanfar cúram ar leith do mhic léinn na Gaeltachta. (Féach A2.6 thuas.)

4.3 Monatóireacht Caighdeán:

4.3.1 Bainfear úsáid as ceistneoir comónta ag deireadh gach cúrsa/modúil chun monatóireacht a dhéanamh orthu. Tabharfar aird ar mholtaí le ciall agus le substaint.
4.3.2 Déanfar cinnte de nach dtairgfear cúrsaí atá an-chosúil lena chéile.
4.3.3 Réiteofar táscairí gráid do na scrúduithe cainte agus scríofa agus foilseofar an t-eolas sna háiteanna cuí.

4.4 Cumarsáid idir an Roinn agus na Mic Léinn:

4.4.1 Buailfidh na Stiúrthóirí Bliana le hionadaithe na mblianghrúpaí faoina stiúir go rialta.
4.4.2 Tabharfar cuireadh d'ionadaithe na mac léinn chuig cruinniú Roinne ar a laghad uair sa seimeastar.
4.4.3 Cuirfear mír le clár na gcruinnithe Roinne as seo amach a bhaineas le cumarsáid idir Roinn na Gaeilge agus na mic léinn.
4.4.4 Leanfar leis na forbairtí atá á ndéanamh ar shuíomh idirlín na Roinne. Iarrfar ar na mic léinn a bheith ag baint úsáid as an suíomh chun iad féin a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí sa Roinn.
4.4.5 Leanfar le polasaí an 'dorais oscailte' atá ar siúl ag léachtóirí na Roinne cheana féin. Fógrófar an polasaí ar shuíomh na Roinne.

Plean Gníomhaíochta faoi nithe nach bhfuil ar chumas na Roinne a chur i bhfeidhm faoi láthair:

4.5 Líon na Mac Leinn agus Seirbhísí Feabhsaithe Teanga:

4.5.1 Fiosróidh an Roinn bealaí éagsúla chun cabhrú leis na mic léinn a gcuid scileanna labhartha a fheabhsú. (Féach 4.2.2 & 4.2.3 thuas.)
4.5.2 Eagróidh an Roinn dianchúrsa 6 seachtaine do mhic léinn laga tar éis na mic léinn sin a aithint le cabhair na foirne páirtaimseartha teagaisc.

Plean Gníomhaíochta faoi nithe nach féidir a bhaint amach gan infheistíocht caipitil:

4.6 Cóiríocht Oifige do Rúnaí na Roinne

4.6.1 Teastaíonn ó bhaill an GPA agus ón Roinn féin go gcuirfidh Údaráis an Choláiste oifig dá cuid féin ar fáil do Rúnaí na Roinne chun gur féidir léi déileáil i gceart le líon na mac léinn atá faoi chúram na Roinne faoi láthair. Tá 10 léachtóirí sa Roinn agus túairim is 1,300 mac léinn BOid./Céimithe agus 200 mac léinn BA ag tarraingt ar sheirbhísí Rúnaí na Gaeilge san am i láthair. Bíonn plé ag an Rúnaí le páipéir scrúdaithe agus taifid thábhachtacha de chineálacha éagsúla i measc rudaí eile.

5. *ACHOIMRE AN PHLEAN CÚIG BLIANA*

5.1 Pleanáil agus Forbairt Foirne:

5.1.2 Cuirfear seisiúin ghairmiúla agus sainoiliúna ar fáil don fhoireann bhuan agus don fhoireann pháirtaimseartha agus eagrófar é seo ar bhonn leanúnach.

5.2 Pleanáil agus Forbairt Cúrsaí:

5.2.1 Déanfar athbhreithniú ar Chúrsa an Dara Bliain Ghairmiúil chun nasc níos dlúithe a dhéanamh idir é sin agus Cúrsa Theagasc na Gaeilge (Oideachas)/ cúrsa na Chéad Bhliana agus cúrsa an Tríú Bliain Ghairmiúil.

5.2.2 Tabharfar tacaíocht d'iarrachtaí na mac léinn agus d'imeachtaí caidrimh chun breis deiseanna neamhfhoirmiúla a chur ar fáil do labhairt na teanga.

5.2.3 Cuirfear tacaíocht bhreise foghlama ar fáil le cabhair ó na háiseanna teicneolaíochta atá ar fáil agus déanfar cúrsaí agus áiseanna féinteagaisc a fhiosrú agus a fhorbairt.

5.3 Monatóireacht Caighdeán:

5.3.1 Féachfar le modhanna éagsúla measúnaithe (measúnú leanúnach san áireamh) a thabhairt isteach nuair is féidir a leithéid a dhéanamh.

5.4 Líon na Mac Leinn agus Seirbhísí Feabhsaithe Teanga:

5.4.1 Iarrann Roinn na Gaeilge ar Údaráis an Choláiste plean a chur i bhfeidhm láithreach chun líon na mac léinn sna buíonta teagaisc i seimineáir na Roinne a laghdú: Bliain 1 BOid. taobh istigh de bhliain amháin; Bliain 2 taobh istigh de dhá bhliain; agus Bliain 3 taobh istigh de thrí bliana.

5.5 Feabhsuithe a bheas i dtuilleamaí Infheistiú Caipitil:

5.5.1 Dar le Roinn na Gaeilge gur gné amháin Teanglann d'Ionad Sealbhaithe agus Buanaithe Teanga is mian linn a fhorbairt faoi stiúir ag saineolaí oilte éifeachtach. Tá a leithéid á éileamh ag an Roinn le tamall fada.

5.5.2 Chuideodh a leithéid de sheirbhís go mór leis an Roinn chun barr feabhais a bhaint amach sna háiseanna teagaisc agus féinfhoghlama a chuireann sí ar fáil. [Féach *Plean Straitéise na Roinn na Gaeilge (2002)*, Mír 3, lch 2 *et seq*.]

5.5.3 Beidh gá - mar atá aitheanta ag an nGrúpa Piar-athbhreithnithe - le breis foirne lánaimseartha a bheidh ag plé ar bhonn leanúnach le hoiliúint teanga. Cuirfidh an Roinn roimpi an fhoireann bhreise sin a fháil agus forbairt shuntasach a dhéanamh ar an ngné seo dá cúram acadúil trí: Ionad Sealbaithe agus Buanaithe Teanga a bhunú agus a fhorbairt; agus sainghrúpa oiliúna agus forbartha siollabais agus acmhainní teanga a chothú taobh istigh den Roinn.

5.5.4 Ba mhaith leis an Roinn go gcruthófaí post buan d'Oifigeach Gaeilge don Choláiste, a bheadh freagrach as cur chun cinn na Gaeilge ar gach leibhéal ar fud an Choláiste.

AGUISÍN a hAON

- **An Coiste Dearbhaithe Feabhais (don Tuarascáil Féinmheasúnaithe [TF])**

  An Dr Alan Titley (Ceann na Roinne)
  An Dr Ciarán Mac Murchaidh (Comhordaitheoir na TF)
  An Dr Máirín Nic Eoin (Stiúrthóir Bhliain 2)
  Máire Ní Uiginn (Rúnaí na Roinne)

- **An Grúpa Piar-Athbhreithnithe**

  An tOllamh Roibeard Ó Maolalaigh, Ollscoil Ghlaschú (Cathaoirleach)
  An tOllamh Dáithí Ó hÓgáin, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
  Máire Ní Neachtain, Coláiste Mhuire gan Smál (Tuairisceoir)
  Celia Keenan, Roinn an Bhéarla, Coláiste Phádraig (Ball inmheánach)

- **An Fochoiste um Fheabhsú Caighdeán (don Phlean Feabhsaithe Caighdeán)**

  An Dr Uáitéar Mac Gearailt
  An Dr Ciarán Mac Murchaidh
  An Dr Máirín Nic Eoin
  An Dr Ríóna Ní Fhrighil
  An Dr Ciarán Ó Coigligh